



An Bhruiséil, 24 Aibreán 2020
(OR. en)

7551/20

**Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0063 (NLE)**

UD 65

TOGRA

Ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	24 Aibreán 2020
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2020) 157 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 157 final.

Faoi iamh: COM(2020) 157 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.4.2020
COM(2020) 157 final

2020/0063 (NLE)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Tá gá le taraif-chuótaí uathrialaitheacha le haghaidh táirgí áirithe i gcás nach leor an táirgeacht san Aontas le freastal ar riachtanais thionscail an úsáideoirí. Ba cheart taraif-chuótaí an Aontais a oscailt ag nialas nó ag rátaí laghdaithe dleachta le haghaidh méideanna iomchuí, gan na margaí do tháirgí den sórt sin a shuaitheadh.

An 17 Nollaig 2013 ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíochta áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin chun go bhféadfaí freastal ar éileamh an Aontais le haghaidh na dtáirgí i gceist faoi na coinníollacha is fabhraí.

Déantar an Rialachán a thabhairt cothrom le dáta gach sé mhí chun freastal ar riachtanais thionscal an Aontais. Tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún, le cúnamh ó Ghrúpa na gCeisteanna Taraife Eacnamaíochta, ar gach iarraidh ó na Ballstáit le haghaidh dleachtanna ar tharaif-chuótaí uathrialaitheacha.

Tar éis an athbhreithnithe sin, measann an Coimisiún go bhfuil bonn cirt le taraif-chuótaí uathrialaitheacha a oscailt i gcás táirgí nua áirithe, ar táirgí iad nach liostaítear faoi láthair san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 ón gComhairle. I ndáil le roinnt táirgí eile, ní mór an fhoclaíocht atá in úsáid sa tuairisc a athrú, ba cheart cóid TARIC nua a shannadh, nó bhí gá le méid an chuóta tosaigh a mhéadú, agus sin a dhéanamh go cúlghabhálach freisin. Táirgí a bhfuil taraif-chuóta ag gabháil leo nach bhfuil chun leas eacnamaíoch an Aontais níos mó, ba cheart iad a tharraingt siar.

Ar mhaithe leis an tsoiléire, moltar leagan comhdhlúite den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 ón gComhairle a fhoilsiú, iarscríbhinn a chuirfear in ionad na hIarscríbhinne roimhe sin ina hiomláine.

• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Níl tionchar ag an togra seo ar thíortha a bhfuil comhaontú um thrádáil fhabhrach acu leis an Aontas ná ar thíortha is iarrthóirí nó ar iarrthóirí ionchasacha i ndáil le comhaontuithe fabhraíochta leis an Aontas (e.g. Córas Ginearálaithe um Fhabhair; an córas grúp-thrádála san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin; Comhaontuithe Saorthrádála).

• Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tá an togra i gcomhréir le beartais an Aontais maidir leis an talmhaíocht, an trádáil, an fhiontraíocht, an fhorbairt, an comhshaol agus an caidreamh seachtrach.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Is é Airteagal 31 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí an togra seo.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta. Mar shonraítear i dteachtaireacht ón gCoimisiún maidir le fionraíochtaí agus cuótaí taraifí uathrialaitheacha, tá na bearta a bheartaítear i gcomhréir leis na prionsabail maidir le nósanna imeachta a shimpliú le haghaidh oibreoirí atá i mbun trádáil eachtrach¹. Ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí arna saothrú a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

- **An rogha ionstraime**

De bhua Airteagal 31 de CFRE, “Déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, dleachtanna na Comhtharaise Custaim a shocrú”. Dá bhrí sin, Rialachán ón gComhairle an ionstraim iomchuí sa chás seo.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Bhí an scéim um tharaif-chuótaí uathrialaitheacha mar chuid de staidéar meastóireachta maidir le fionraíochtaí taraife uathrialaitheacha a rinneadh in 2013².

Is é is cúis leis sin go bhfuil cosúlachtaí idir an dá bheart, seachas go gcuireann taraif-chuótaí teorainn le méideanna allmhairí. Is é an chonclúid a bhí ag an meastóireacht go bhfuil an bhunreáasúnaíocht atá ann don scéim fós bailí. D’fhéadfadh gur shuntasach iad na coigiltis ar chostais a bheidh ann do ghnólachtaí an Aontais a bhíonn ag allmhairiú earraí faoin scéim. Ar an mbonn céanna, d’fhéadfadh tairbhí níos ginearálta a bheith leis na coigiltis sin, de réir an táirge, na cuideachta agus na hearnála, amhail borradh a chur faoin iomaíochas, modhanna táirgthe a dhéanamh níos éifeachtúla agus poist a chruthú nó a choimeád san Aontas. Is féidir teacht ar na mionsonraí maidir le coigiltis an rialacháin seo sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis seo.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Grúpa na gCeisteanna Taraife Eacnamaíocha, grúpa atá comhdhéanta de thoscaireachtaí ó gach Ballstát agus ón Tuirc, thug sé cúnamh don Choimisiún chun an togra seo a mheas. Bhuaill an grúpa le chéile trí huairé sular tháinig sé ar chomhaontú faoi na hathruithe a rinneadh ar an togra seo.

Rinne sé measúnú cúramach ar gach iarraidh (iarraidh nua nó iarraidh le haghaidh leasú). Rinne sé scrúdú faoi leith ar gach cás chun a áirithiú nach raibh aon dochar á dhéanamh do tháirgeoirí an Aontais agus go raibh sé ag neartú agus ag daingniú iomaíochas táirgthe an Aontais. Is trí bhithin comhphlé a rinne baill Ghrúpa na gCeisteanna Taraife Eacnamaíocha an

¹ IO C 363, 13.12.2011, lch. 6.

² http://ec.europa.eu/taxation_customs/common/publications/studies/index_en.htm

measúnú agus chuaigh na Ballstáit i gcomhairle leis na tionscail, leis na comhlachais, leis na comhlachais tráchtála agus leis na páirtithe leasmhara rannpháirteacha eile lena mbaineann.

Na taraif-chuótaí uile a liostaítear bhí siad mar ábhar do na comhaontuithe nó do na comhréitithe a baineadh amach le linn chomhphléití Grúpa na gCeisteanna Taraife Eacnamaíocha. Níor luadh aon riosca tromchúiseach ionchasach a mbeadh iarmhairtí do-athraithe aige.

- **Measúnú tionchair**

Is leasú de chineál teicniúil é an leasú atá á bheartú, agus é sin amháin, agus ní bhaineann sé ach le cumhdach na dtaraif-chuótaí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013. Dá bhrí sin, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair le haghaidh an togra seo.

- **Ceartha bunúsacha**

Níl aon iarmhairt ag an togra ar chearta bhunúsacha.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra seo ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam. Is fiú thart ar EUR 1.4 milliún in aghaidh na bliana na dleachtanna custaim nach mbailítear. Is fiú EUR 1.1 milliún in aghaidh na bliana an éifeacht ar acmhainní dílse traidisiúnta an bhuiséid (i.e. 80 % den iomlán). Leis an ráiteas airgeadais reachtach leagtar amach ar bhealach níos mionsonraithe impleachtaí buiséadacha an togra.

Is trí bhíthin ollioncam náisiúnta (OIN) na mBallstát, agus é bunaithe ar ranníocaíochtaí acmhainní dílse, a chúiteofar caillteanas ioncaim in acmhainní dílse traidisiúnta.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Na bearta a mholtar tá siad á mbainistiú laistigh de chreat Tharaif Chomhtháite an Aontais Eorpaigh (TARIC) agus tá siad á gcur i bhfeidhm ag riaracháin chustaim na mBallstát.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíochta áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun soláthar leordhóthanach gan bhriseadh táirgí áirithe talmhaíochta agus tionsclaíochta a áirithiú, ar táirgí iad nach dtáirgtear cainníocht leordhóthanach díobh san Aontas, agus dá bhrí sin chun aon suaitheadh sa mhargadh i gcás na dtáirgí sin a sheachaint, osclaíodh taraif-chuótaí uathrialaitheacha le Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013¹. Laistigh de na taraif-chuótaí sin, féadfar táirgí a allmhairiú isteach san Aontas ag rátaí laghdaithe dleachta nó ag rátaí nialasacha dleachta.
- (2) Ó tharla gur chun leas an Aontais é soláthar leordhóthanach táirgí tionsclaíochta áirithe a áirithiú agus ós rud é nach ndéantar cainníochtaí leordhóthanacha de tháirgí comhionanna, coibhéiseacha ná ionadacha a tháirgeadh laistigh den Aontas, is gá taraif-chuótaí nua a oscailt agus na huimhreacha ordaithe 09.2580, 09.2581 agus 09.2583 acu ag rátaí nialasacha dleachta le haghaidh cainníochtaí iomchuí na dtáirgí sin.
- (3) Ó tharla gur chun leas an Aontais é soláthar leordhóthanach táirgí tionsclaíochta áirithe a áirithiú ba cheart méideanna taraif-chuótaí agus na huimhreacha ordaithe 09.2634 agus 09.2668 acu a mhéadú.
- (4) Toisc nach leordhóthanach a thuilleadh raon feidhme an taraif-cuóta a bhfuil uimhir ordaithe 09.2652 aige chun freastal ar riachtanais oibreoirí eacnamaíochta laistigh den Aontas, ba cheart tuairisc an táirge seo a chumhdaítear leis an gcuóta sin a leasú.
- (5) I gcás taraif-cuóta a bhfuil huimhir ordaithe 09.2588 aige, ba cheart síneadh ama go dtí an 31 Nollaig 2020 a chur le tréimhse an chuóta de bharr nach raibh an taraif-chuóta ar oscailt ach ar feadh tréimhse sé mhí agus go bhfuil sé fós chun leas an Aontais é a choinneáil ar bun.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 an 17 Nollaig 2013 ón gComhairle lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíochta áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 7/2010 (IO L 354, 28.12.2013, lch. 319).

- (6) Na substaintí Sulfáit Démheitile (CAS RN 77-78-1) nach lú ná 99 % a hionacht, 2-Meitiolanailín (CAS RN 95-53-4) ag a bhfuil ionacht atá cothrom le 99 % nó níos mó ná sin de réir meáchain agus 4,4'-Meatáindé-ildé-anailín (CAS RN 101-77-9) ag a bhfuil ionacht atá cothrom le 97 % nó níos mó ná sin de réir meáchain, cuirtear san áireamh iad ar an liosta iarrthóirí dá dtagraítear in Airteagal 59 de Rialachán (AE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² agus cuirtear an tsubstaint le CAS RN 101-77-9 san áireamh le hIarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Rialachán sin. Ar an mbonn sin, déanfar taraif-chuótaí atá ann cheana le haghaidh táirgí den sórt sin a dhúnadh de réir a chéile agus beidh feidhm ag aon taraif-chuóta a osclófar as an nua ar feadh tréimhse theoranta. Dá bhrí sin, na taraif-chuótaí a bhfuil uimhreacha ordaithe 09.2648 agus 09.2730 acu ba cheart feidhm a bheith acu go dtí an 31 Nollaig 2020 agus ráta caighdeánach dleachta 2 % a bheith acu. Ina theannta sin, dúnfar taraif-chuótaí a bhfuil uimhir ordaithe 09.2590 acu agus ba cheart taraif-chuóta nua a bhfuil uimhir ordaithe 09.2582 aige a oscailt go dtí an 31 Nollaig 2020 a mbeidh ráta caighdeánach dleachta 2 % aige.
- (7) Agus na leasuithe atá le déanamh á gcur san áireamh agus ar mhaithe leis an tsoiléire, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 a ionadú.
- (8) Chun nach gcuirfear isteach ar chur i bhfeidhm scéim na dtaraif-chuótaí agus chun na treoirlínte a leagtar amach i dTeachtaireacht ón gCoimisiún maidir le fionraíochtaí agus cuótaí taraifí uathrialaitheacha³ a chomhlíonadh, ba cheart na hathruithe dá bhforáiltear leis an Rialachán seo maidir le taraif-chuótaí le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann a chur i bhfeidhm ón 1 Iúil 2020. Ba cheart an Rialachán seo a thabhairt i bhfeidhm ar bhonn práinne,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 mar a leanas:

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1 ón 1 Iúil 2020.

² Rialachán (AE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú, agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

³ [IO C 363, 13.12.2011, lch. 6.](#)

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. AINM AN TOGRA:

Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíochta áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin

2. LÍNTE BUISÉID

Caibidil agus Airteagal:

Caibidil 12 agus Airteagal 120 – Dualgais chustaim agus dualgais eile dá dtagraítear i bpointe (a) d’Airteagal 2(1) de Chinneadh 2014/335/AE, Euratom;

An méid arna bhuiséadú don bhliain 2020 (EUR 22 156 900 000)

3. TIONCHAR AIRGEADAIS

☐ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra

X Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra seo ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam. Is mar seo a leanas a bheidh an éifeacht:

(EUR milliúin go dtí an chéad deachúil)

Líne bhuiséid	Ioncam ¹	Tréimhse 6 mhí dar tús ll/mm/bbbb	[Bliain: An dara leath de 2020]
Airteagal 1 20	<i>Tionchar ar acmhainní dílse</i>	01/07/2020	-0,5

Tá trí tháirge nua san iarscríbhinn. Na dleachtanna neamhbhailithe a fhreagraíonn do na taraif cuótaí sin, arna ríomh ar bhonn réamh-mheastacháin an Bhallstáit iarrthaigh le haghaidh 2020, is fiú EUR 1 554 954 in aghaidh na bliana iad.

Rinneadh an ráta nialasach dleachta le haghaidh trí chuóta atá ann cheana a mhéadú go 2 %. Is ionann sin agus méadú EUR 182 864 in aghaidh na bliana i gcás bailiú dleachtanna, mar a mheastar ar bhonn staitisticí 2019.

Ar bhonn an mhéid atá thuas, meastar gurb é $\text{EUR } 1\,554\,954 - 182\,864 = \text{EUR } 1\,372\,090$ (an méid comhlán, lena n-áirítear costais bhailithe) $\times 0,8 = \text{EUR } 1\,097\,672$ in aghaidh na bliana (glanmhéid) an tionchar a bheidh ar an gcaillteanas ioncaim do bhuiséad an Aontais a eascróidh as an Rialachán seo.

¹ I gcás acmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna (i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu).

4. BEARTA FRITHCHALAOISE

Déanfar seiceálacha ar úsáid deiridh roinnt de na táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos forálacha maidir le Cód Custaim an Aontais.